



**Achoimre: Liosta Inmheánach Náisiúnta an Fhorais Pátrúnachta
agus Ciorcláin na Roinne 19/2011
31 Márta 2011**

Réamhrá

Is achoimre atá sa bhileog seo ar an gcomhairle a thug an Foras Pátrúnachta (litir agus ríomhphost, 11 Márta 2011) do Phríomhoidí agus do Chathaoirligh, agus ar ghnéithe de chiorcláin na Roinne Uimhir 19/2011. Mar a bhí luaite sa litir ón bhForas Pátrúnachta ba cheart do mhúinteoirí iarratas a dhéanamh ar an bpainéal áitiúil agus an Foras Pátrúnachta a chur ar an eolas faoin iarratas sin. Ba cheart go mbeadh aon mhúinteoir sa scoil agus an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi na céimeanna sa chomhairle thuas agus faoin achoimre seo.

Scoileanna atá ag forbairt, Scoileanna DEIS nó folúntais eile sa scoil

Do na múinteoirí buan atá ag cailliúint a bpost de bharr an t-athrú ar an gcóimheas ach go bhfuil post le n-ofráil sa scoil (le cead faighte ón Roinn Oideachais agus Scileanna), is féidir an post buan seo a ofráil don mhúinteoir atá ag cailliúint a phost/post. Ba cheart an Foras Pátrúnachta a chur ar an eolas má tharlaíonn seo agus cead a fháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Céim 1: Liosta Inmheánach Náisiúnta an Fhorais

Ba cheart teagmháil a dhéanamh leis na múinteoirí atá ar liosta inmheánach náisiúnta an Fhorais Pátrúnachta maidir le haon fholúntas atá i do scoil. Tá sonraí teagmhála múinteoirí an Fhorais atá ag cailliúint a bpost ar an liosta inmheánach náisiúnta agus tá cóip den liosta leis an mbileog seo, Aguisín 1.

Ba cheart do bhord bainistíochta folúntais a ofráil dóibh siúd atá ar liosta inmheánach náisiúnta an Fhorais i dtús báire, dóibh siúd go bhfuil stádas post buan nó le stádas conradh gan thréimhse socruithe (CID). Má éiríonn le Bord Bainistíochta folúntas a líonadh ón liosta inmheánach ní mór an t-eolas sin a chur in iúl don bhForas Pátrúnachta agus an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Má tá folúntais fós ar fáil i do scoil tar éis duit teagmháil a dhéanamh leis na múinteoirí ar fad atá ar an liosta inmheánach náisiúnta ba chóir duit an Foras Pátrúnachta a chur ar an eolas agus leanúint ar aghaidh go dtí Céim 2.

Céim 2: An Painéal Áitiúil

Beidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ag foilsíú eolas faoi na painéil. San fhoilseachán seo beidh achoimre ar líon na múinteoirí atá ar na painéil ar fud na tíre. Beidh eolas ann chomh maith maidir le sonraí teagmhála na ndaoine atá i gceannas ar na painéil áitiúil. Ní mór duit dul i dteagmháil leis an duine atá i gceannas ar an bpainéal áitiúil agus liosta na múinteoirí a fháil uathu.

Seo é an t-ord teagmhála atá ann do na múinteoirí ar an bpainéal, tá trí chuid sa phainéal:

- A.** An Príomh Phainéal: Múinteoirí buan agus múinteoirí le CID
- B.** Múinteoirí le taithí níos mó ná cúig bhliana.
- C.** An Painéal Breise: Múinteoirí le taithí idir trí agus cúig bhliana.

Nóta: Má tá Bord chun cead a lorg post a líonadh ó na painéil thuasluaite is gá don Bhord Bainistíochta bheith in ann taifead a chur ar fáil don Fhoras Pátrúnachta agus don Roinn Oideachais agus Scileanna de na hiarrachtaí a déanadh an post a líonadh ó na painéil seo.

A. An Príomh Painéal: Múinteoirí buan agus múinteoirí le CID.

Ní mór don Bhord Bainistíochta na céimeanna seo a leanúint:

A.1. Ba cheart do scoileanna an Fhorais teagmháil a dhéanamh leis an duine atá i gceannas ar an bpainéal áitiúil agus an liosta a fháil uatha.

- A.2. Ba cheart teagmháil a dhéanamh leis na múinteoirí atá ar an bpainéal áitiúil agus fiosrúchán a dhéanamh an mbeadh suim acu múineadh i nGaelscoil agus má bhíonn ba cheart do na múinteoirí seo CV a sheoladh ag an scoil.
- A.3. Is cóir don bhord bainistíochta liosta a chur le chéile de na múinteoirí a sheol CV ag an scoil agus cinneadh a dhéanamh cé hiad na hiarrthóirí ar chóir cuireadh a thabhairt dóibh chuig agallamh.
- A.4. Ba cheart na gnáth chleachtais maidir le hagallamh a leanúint don phróiseas seo.
- A.5. Ní mór don bhord cinntiú san agallamh go mbeidh an t-iarrthóir ábalta feidhmiú i nGaelscoil.
- A.6. Tar éis na hagallaimh thuas luaite cinneann an bord an folúntas a líonadh nó gan é a líonadh le hiarrthóir ón bpainéal má shásaíonn an t-iarrthóir na riachtanais thuas luaite.
- A.7. Is gá cead An Foras Pátrúnachta a fháil sula n-ofráiltear aon phost.
- A.8. Ní mór don Bhord Bainistíochta An Foras Pátrúnachta, an duine atá i gceannas ar an bpainéal áitiúil agus An Roinn Oideachais agus Scileanna a chur ar an eolas má ghlactar leis an ofráil seo.

Má tá an príomh painéal de mhúinteoirí buan/CID glanta nó gur chuir na múinteoirí a gcearta painéal ar athló is féidir an folúntas a ofráil do mhúinteoirí ar an bpríomh painéal le cúig bhliana seirbhís sealadach ar a laghad. Is gá cead an Fhorais Pátrúnachta agus na Roinne a fháil sula ndéanfaí an ofráil seo. Ní mór na céimeanna ag B thíos a leanúint.

B. Múinteoirí le taithí níos mó ná cúig bliana.

Ní mór don Bhord Bainistíochta na céimeanna seo a leanúint:

- B.1. Ba cheart teagmháil a dhéanamh leis na múinteoirí atá ar an bpainéal áitiúil agus fiosrúchán a dhéanamh an mbeadh suim acu múineadh i nGaelscoil agus má bhíonn ba cheart do na múinteoirí seo CV a sheoladh ag an scoil.
- B.2. Is cóir don bhord bainistíochta liosta a chur le chéile de na múinteoirí a sheol CV ag an scoil agus cinneadh a dhéanamh cé hiad na hiarrthóirí ar chóir cuireadh a thabhairt dóibh chuig agallamh.
- B.3. Ba cheart na gnáth chleachtais maidir le hagallamh a leanúint don phróiseas seo.
- B.4. Ní mór don bhord cinntiú san agallamh go mbeidh an t-iarrthóir ábalta feidhmiú i nGaelscoil.
- B.5. Tar éis na hagallaimh thuas luaite cinneann an bord an folúntas a líonadh le hiarrthóir ón bpainéal má shásaíonn an t-iarrthóir na riachtanais thuas luaite.
- B.6. Is gá cead An Fhorais Pátrúnachta a fháil sula n-ofráiltear aon phost.
- B.7. Má ghlactar leis an ofráil seo ní mór don Bhord Bainistíochta eolas a chur chuig An Foras Pátrúnachta, an duine atá i gceannas ar an bpainéal áitiúil agus An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Má tá an post fós le líonadh is gá don bhord é a ofráil do mhúinteoirí le seirbhís sealadach idir 3 agus 5 bhliana a bhfuil a ainm ar an bpainéal breise. Is gá cead an Fhorai ag C thíos luaite a leanúint. Baintear úsáid as painéal breise an Fhorais Pátrúnachta sula dtéann an Bord go dtí aon phainéal breise eile.

C. An Painéal Breise: Múinteoirí le taithí idir 3 agus 5 bliana.

Ní mór don Bhord Bainistíochta na céimeanna seo a leanúint:

- C.1. Ba cheart do scoileanna an Fhorais teagmháil a dhéanamh leis an duine atá i gceannas ar an bpainéal bhreise agus an liosta a fháil uatha.
- C.2. Ba cheart teagmháil a dhéanamh leis na múinteoirí atá ar an bpainéal áitiúil agus fiosrúchán a dhéanamh an mbeadh suim acu múineadh i nGaelscoil agus má bhíonn ba cheart do na múinteoirí seo CV a sheoladh ag an scoil.
- C.3. Is cóir don bhord bainistíochta liosta a chur le chéile de na múinteoirí a sheol CV ag an scoil agus cinneadh a dhéanamh cé hiad na hiarrthóirí ar chóir cuireadh a thabhairt dóibh chuig agallamh.
- C.4. Ba cheart na gnáth chleachtais maidir le hagallamh a leanúint don phróiseas seo.

C.5.Ní mór don bhord cinntiú san agallamh go mbeidh an t-iarrthóir ábalta feidhmiú i nGaelscoil.

C.6.Tar éis na hagallaimh thuas luaite cinneann an bord an folúntas a líonadh nó gan é a líonadh le hiarrthóir ón bpainéal má shásaíonn an t-iarrthóir na riachtanais thuas luaite.

C.7.Is gá cead An Fhorais Pátrúnachta a fháil sula n-ofráiltear aon phost.

C.8.Má ghlactar leis an ofráil seo ní mór don Bhord Bhainistíochta eolas a chur chuig An Foras Pátrúnachta, an duine atá i gceannas ar an bpainéal áitiúil agus An Roinn Oideachais agus Scileanna

Má tá an post fos le líonadh is gá don bhord bogadh ar aghaidh go dtí Céim 3.

Céim 3:

Muna líontar an fholúntas is féidir an gnáth chleachtais earcaíochta a úsáid chun an folúntas a líonadh ach is gá cead An Fhorais Pátrúnachta agus An Roinn Oideachais agus Scileanna a fháil sula déanfar seo.

Post Téarma Socraithe (Sealadach)

De bharr go mbeidh na painéil á n-úsáid chun poist buan a líonadh ar dtús, níl a fhios ag an Roinn fós cé mhéid de na poist le Téarmaí Socraithe (Sealadach) a bheidh le líonadh ón bpainéal chomh maith. Braitheann sé seo ar uimhreacha na múinteoirí ar an bPríomh Painéal atá fágtha gan post nuair a bheidh na poist buan go léir líonta sna ceantair éagsúla. Má bhíonn múinteoirí fágtha ar an bPríomh Painéal i do cheantar, beidh siad i dteideal post Téarma socraithe (sealadach) a fháil don bhliain ach táimid fós ag fanacht ar conas go díreach atá sé i gceist ag an Roinn é seo a riaradh. Nuair a bheidh níos mó eolais ag an bhForas Pátrúnachta, scaipfear an t-eolas ar ár scoileanna.

Poist Ionadaíochta/Saoire Máithreachais

Níl aon athrú ar an mbealach a líontar na postanna seo. Ní bhaineann rialacha an phainéil leo. Má tha

Críoch

Mar a thuigtear ón gclár 19/2011 beidh forbairt agus athraithe ag teacht ar an bpróiseas maidir le líonadh poist de réir mar a ghlantar na painéil. Beidh an Foras Pátrúnachta i dteagmháil maidir le haon uasdátú a thagann chun cinn.

Aguisín1: Liosta Inmheánach Náisiúnta an Fhorais Pátrúnachta

Ainm an Mhúinteora	Scoil & Príomhoide	Seoladh	Uimhir fón póca & seoladh r/p	Uimhir mhúinteora:
Francis Ó Tormaigh	Gaelscoil Phádraig Róise Ní Ghiolláin 01-2827345	27 Naillintyre Meadows, Ballinteer Avenue, Baile Átha Cliath 16	(087) 6290331 proinsiasotormaigh@gmail.com	9986982A
Gearóidín Ní Chonghaile	Gaelscoil Longfoirt Yvonne Ní Mhurchú 043-3341360	Killafee, Aughavas, Co. Liatrom	(087) 6643996	9952070L
Pól Mac Daibhéid	Gaelscoil Bhun Chranncha Úna Ní Mhaoildeirge Uí Cheallaigh 074-9361988	1, Páirc Sandale, Bóthar Lenamore, Doire, BT48 8NR	(0044) 7835660625 pol_mc_daid@hotmail.com	2477394
Gráinne Ní Raghallaigh	Gaelscoil Bhun Chranncha Úna Ní Mhaoildeirge Uí Cheallaigh 074-9361988	14, The Hawthorns, Bóthar Bhun Cranncha, Doire, BT48 8TH	(086) 3777324 grainne_202@hotmail.com	9987957G
Bláthnaid Ní Nualláin	Gaelscoil Dhroichéad na Bandan Helen Uí Annracháin 023-8843378	19 Eltins Wood, Kinsale, Co. Cork. /22 Beenoskee, Cloghers, Ballyard, Tralee, Co. Kerry	(087) 9574149	9974859I
Verona O Donovan	Gaelscoil Dhochtúir Uí Shúilleabháin Aisling Uí Neill 028-21192	Old Timoleague Road, Clonakilty, Co. Cork	(087) 9855869	9980557B
Stephanie Bhreathnach	Gaelscoil Uí Chéadaigh Gearoidín Ní Bhaoill 01-2865044	Knockeenduff, Cill Áirne, Co. Chiarraí	(086) 3775178 stephaniebhreathnach@hotmail.co.uk	
Emer Ní Fhoghlú	Gaelscoil Bhreifne Nora Máire Ní Loingsigh 049-4362402	13 Maple Crescent, Johnstownwood, An Uaimh, Co. Na Mí	(086) 1524703 emerfoley6@gmail.com	
Bernie Nic hAoidh	Gaelscoil Uí Choimín Bríd Ni Chomhraí 065-9052791	Dúire, Cuinche, Co. an Chlár	(087) 6157447 berniemckee@hotmail.com	9977556S